# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2013

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

**1.** Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

**2.** Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

**3**. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

**4**. Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

**5**. Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha sa cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

.

**PÁIPÉAR 1**
(150 marc)

| **ROINN I** | **AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA** | **40 MARC** |
|---|---|---|

- Ní mór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.
- Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra

**Cuid A (16 marc)**

Ocht mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**[2 mharc x 8] = <u>16 mharc</u>.**

**Cuid B (12 marc)**

Sé mhír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**[2 mharc x 6] = <u>12 mharc.</u>**

**Cuid C (12 mharc)**

Sé mhír eolais, dhá mharc an ceann.

**[2 mharc x 6] = <u>12 mharc.</u>**

| **ROINN II** | **LÉAMHTHUISCINT** | **40 MARC** |
|---|---|---|

**Ceist 1 (**40 marc**)**

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A. (**20 marc**)**

Tá cúig cheist, (**i**) – (**v**) le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceisteanna (**i**), (**ii**), (**iii**) & (**iv**):
(**a**) 2 + (**b**) 2 = [**4 mharc x 4] = 16 mharc**.
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (**v**): **[2+2]** = **4 mharc.**

**[4 mharc x 5] = <u>20 marc</u>**

**B. (**20 marc**)**

Tá **cúig** cheist, (**i**) – (**v**) le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceisteanna (**i**), (**ii**) & (**iii**):
(**a**) 2 + (**b**) 2 = [**4 mharc x ]3 = 12 mharc**.
Tá freagra ceart **amháin** ar cheist (**iv**) = **4 mharc**.
Tá freagra **ceart amháin** ar cheist (**v**) = **4 mharc**.

**[4 mharc x 5] = <u>20 marc</u>**

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

## Ceist 2 (20 marc)

Freagair A ***agus*** B anseo.

**A. (10 marc)**

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
Bronntar **dhá** mharc ar gach mír eolais atá ceart.
.

**[2 mharc x 5] = <u>10 marc</u>.**

**B. (10 marc**)

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
Bronntar **dhá mharc** ar gach mír eolais atá ceart.

**[2 mharc x 5] = <u>10 marc.</u>**

**<u>A+ B. = 20 marc</u>**

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

Bheifí ag súil, sa mharcáil anseo, le coibhneas áirithe idir na marcanna d'ionramháil an ábhair agus na marcanna don chumas Gaeilge.

**Ceist 3. (50 marc)**

Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.

**Stíl: = 2 mharc**
**Ábhar: = 8 mharc.**
**Gaeilge: = <u>40 marc.</u>**
**<u>50 marc</u>**

**Iomlán: 2 + 8 + 40 = 50 marc**.

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B agus C**.

**PÁIPÉAR II**
(90 marc)

| **ROINN I** | **PRÓS LITEARTHA** | **30 MARC** |
|---|---|---|

## Ceist 1. (15 mharc)

Tá **trí** cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc (2 + 2) x 3 = 12.

**Buntuiscint**: (**i**) = [2 + 2] = **4 mharc**

(**ii**) = [2 + 2] = **4 mharc**

(**iii**) = [2 + 2] = **4 mharc**

**Léirthuiscint**: (**i**) **Peannphictiúr 1+1+1+1 =** marc as **4 mharc [4/3/2/1]**

(**ii**) **dhá** phointe eolais = 2 + 2; = **4 mharc**

(**iii**) **dhá** phointe eolais = 2 + 2; = **4 mharc**

- **Gaeilge**: + **3 mharc** ( + 1 / + 2 / + 3 )

**Iomlán = (4 x 3) + 3 = 15 mharc.**

## Ceist 2. (15 mharc)

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an tsaothair** = 1 mharc
**Ainm an údair** = 1 mharc
2 mharc
**A (ii)** *agus* **B (ii)** **Ábhar**: 5 mharc
**Gaeilge**: 8 marc
15 mharc

**A *nó* B = 1+1+5+8 = 15 mharc**

| ROINN II | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|

## Ceist 3. (15 mharc)

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: **4 mharc** (4 x 3) = **12 mharc.**
- **Gaeilge**: **3 mharc** ( + 1 / + 2 / + 3 )

**Buntuiscint**: (**i**) **dhá** rogha = 2+2 = **4 mharc**
(**ii**) **aon** fháth = **4 mharc**
(**iii**) **dhá phointe** = 2 + 2 **= 4mharc**

**Léirthuiscint**: (**i**) Saghas duine agus **dhá** phointe eolais = 2 + 1 + 1 = **4 mharc**

(**ii**) Saghas duine agus **dhá** phointe eolais = 2 + 1 + 1 = **4 mharc**

(**iii**) **dhá** fháth = 2+2 = **4 mharc**

**Iomlán = (4 x 3) + 3 = 15 mharc**

## Ceist 4. (15 mharc)

**A (i)** *agus* **B (i)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Teideal an dáin** | = | | 1 mharc |
| **Ainm an fhile** | = | | 1 mharc |
| | | | **2 mharc** |
| **A (ii)** *agus* **B (ii)** | | **Ábhar** | **5 mharc** |
| | | **Gaeilge**: | **8 marc** |
| | | | **10 marc** |

**A *nó* B : 1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc.**

| ROINN IV | LITIR A SCRÍOBH | 30 MARC |
|---|---|---|

## Ceist 5

Tá **A, B** agus **C** ar cómharc

- **Foirmlí**: 3 mharc — F =
- **Ábhar**: 10 marc — Á =
- 
- **Gaeilge**: 17 marc — G =

**3 + 10 + 17 = 30 marc.**

**Treoracha maidir le dáileadh marcanna:**

**1.** **Na Foirmlí Ceiliúrtha:**

| | |
|---|---|
| **Seoladh:** | 1 mharc |
| **Beannú:** | 1 mharc |
| **Críoch:** | 1 mharc |

**2.** Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

**3.**

| | **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| **Na cúig thasc comhlíonta** | Marc **as** 10 | Marc **as** 17 |
| **Ceithre thasc comhlíonta** | Marc **as** 8 | Marc **as** 14 |
| **Trí thasc comhlíonta** | Marc **as** 6 | Marc **as** 11 |
| **Dhá thasc comhlíonta** | Marc **as** 4 | Marc **as** 8 |
| **Tasc amháin comhlíonta** | Marc **as** 2 | Marc **as** 5 |

**4.** Litreacha neamhfhoirmeálata is ea **A** agus **B**. [Beannú; Críoch]

Litir fhoirmeálta is ea **C**. [Beannú; Críoch]

## OIRIÚNTAS RÉASÚNTA

Tá roinnt leasuithe ar an scéim mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, faofa ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh. Iarrtar ort na hiarrthóirí seo a mharcáil sa ghnáthshlí, d'réir na scéime marcála, agus na leasuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ansin. Ní mór na leasuithe a thaispeáint ar fhreagarleabhair na n-iarrthóirí. Baineann an t-oiriúntas seo le litriú agus le cruinneas gramadaí sna ceisteanna a bhfuil marcanna ar leith ag dul do na nithe sin.

### PÁIPÉAR 1 (S.7)

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 2 (20 marc)**

**Treoir**: Glactar le leis an bhfreagra chomh fada agus atá comhréir na habairte agus an fhoghraíocht i gceart.

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3 (50 marc)**

**Stíl:** 2 mharc, **Ábhar**: 8 marc, **Gaeilg**e: 40 marc. 8 + 2 + 40 = 50 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

10 – 14: + **1.** 15 – 24: + **2.** 25 – 34: + **3**.

35 – 36: + **4**. 37, 38, 39 > **40**.

### PÁIPÉAR II (S.8)

| ROINN I | PRÓS LITEARTHA | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 1.**

Trí cheist: **Tuiscint**: 4 mharc.
**Gaeilge**: 1 mharc.

**Treoir**: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.

**Ceist 2.**

**Gaeilg**e: 8 marc.

**Treoir:** An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: + **1**. 5 – 6: + **2**. 7 > **8**.

| ROINN II | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3.**

Trí cheist: **Tuiscint**: 4 mharc.
**Gaeilge**: 1 mharc.

**Treoir**: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.

**Ceist 4.**

**Gaeilge**: 8 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: + **1**.   5 – 6: + **2**.   7 > **8**.

| ROINN III | LITIR A SCRÍOBH | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 5.**

**Gaeilge:** 17 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

4 – 7: + **1**.   8 – 11: + **2.**   12 – 14: + **3**.   15, 16 > **17**.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2013

# Gaeilge

# Ardleibhéal

# Freagraí Samplacha

## PÁIPÉAR 1
(150 marc)

**ROINN I** **AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA** **40 MARC**

- Ní mór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.
- Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra

**Cuid A (16 marc)**

Ocht mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**[2 mharc x 8] = <u>16 mharc.</u>**

**AN CHÉAD CHAINTEOIR**

**An Téacs**

*Cén chaoi a bhfuil sibh? Fiachra Standún ag caint libh. Rugadh mé i mBéal an Átha i gContae Mhaigh Eo. Is páiste aonair mé. Siúinéir is ea mo dhaid agus is rúnaí scoile í mo mhaim. Is í an bhádóireacht an caitheamh aimsire is fearr liom. Tá bád seoil ag mo thuismitheoirí. An Ghaoth Aneas an t-ainm atá uirthi.*

**1.** **Ceisteanna agus freagraí**

| **Ainm** | ***Fiachra Standúin*** |
|---|---|
| Cár rugadh Fiachra? | **(i m)Béal an Átha / (i g)Contae Mhaigh Eo.** 2 |
| Cén tslí bheatha atá ag a dhaid? | **Siúinéir (is ea a Dhaid).** 2 |
| Cad é an caitheamh aimsire is fearr leis? | **(Is é an caitheamh aimsire is fearr leis ná) an bhádóireacht / seoltóireacht.** 2 |
| Breac síos an t-ainm atá ar an mbád. | **(Is é an t-ainm atá ar an mbád ná) An Ghaoth Aneas.** 2 |

**<u>8</u>**

**2.** **AN DARA CAINTEOIR**

**An Téacs**

*Goidé mar atá achan duine? Bríd Nic Aoidh ag labhairt libh. Is as Béal Feirste domsa. Tá deirfiúr amháin agam. Máire is ainm di. Tá sí dhá bhliain níos óige ná mise. Bhí mé féin agus mo chara Siún sa phictiúrlann an Satharn seo caite. Chonaic muid an scannán The Hobbit. Is dóigh liom go bhfuil an t-aisteoir, Martin Freeman, ar fheabhas ann.*

**Ceisteanna agus freagraí**

| **Ainm** | ***Bríd Nic Aoidh*** |
|---|---|
| Cé acu is óige, Bríd nó Máire? | **(Is í) Máire (an duine is óige).** 2 |
| Cá raibh Bríd agus Siún ar an Satharn? | **Sa phictiúrlann / Ag scannán / ag na pictiúirí.** 2 |
| Cén scannán a chonaic siad? | **The Hobbit.** 2 |
| Cad is dóigh le Bríd faoin aisteoir, Martin Freeman? | **(Is dóigh léi go bhfuil sé) ar fheabhas sa scannán.**<br>**(Tá sé) ar fheabhas (mar aisteoir sa scannán).** 2 |

**<u>8</u>**

16

## CUID B

Sé mhír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**[2 mharc x 6] = <u>12 mharc.</u>**

**1. FÓGRA**

**An Téacs**

*Fógra anseo ón nGarda Síochána. Is Lá Saoire Bainc é an Luan seo chugainn agus mar sin beidh trácht trom ar na bóithre tráthnóna. Iarrtar ar thiománaithe aird a thabhairt ar rialacha an bhóthair. Beidh ceamaraí luais á n-úsáid ar fud na tíre.*

**Ceisteanna agus freagraí**

**(a)** Cén fáth a mbeidh an trácht trom ar na bóithre, tráthnóna?

- **Mar is Lá Saoire (Bainc) é an Luan seo chugainn.** **2**

**(b)** Cén chomhairle a chuireann an Garda Síochána ar thiománaithe?

- **Aird a thabhairt ar rialacha an bhóthair.** **2**

**(c)** Cad a bheidh á n-úsáid ar fud na tíre?

- **Ceamaraí (luais).** **2**

**<u>6</u>**

**2. PÍOSA NUACHTA.**

**An Téacs**

*I mí Mheán Fómhair seo caite thug Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn cuairt ar The Emerald Grounds i Londain. Ceanncheathrú Chumann Lúthchleas Gael in Ruislip, Londain, is ea The Emerald Grounds. Bhí a bhean chéile, Sabina, in éineacht leis an Uachtarán ar an turas.*

**Ceisteanna agus freagraí**

**(a)** Cathain a thug an t-Uachtarán, Micheál D. Ó hUiginn, cuairt ar *The Emerald Grounds*?

- **I mí Mheán Fómhair (seo caite) / Meán Fómhair.** **2**

**(b)** Cá bhfuil *The Emerald Grounds* suite?

- **In Ruislip, Londain / i Londain.** **2**

**(c)** Cé a bhí in éineacht leis an Uachtarán?

- **(Bhí) a bhean chéile (Sabina in éineacht leis an Uachtarán) / Sabina.** **2**

**<u>6</u>**

12

**CUID C (12 mharc)**

Sé mhír eolais, dhá mharc an ceann.

**[2 mharc x 6] = 12 mharc.**

**1.** **COMHRÁ A hAON**

**An Chéad Mhír**

**An Téacs**

**Niamh:** *Haigh, a Aoife. Niamh anseo?*

**Aoife**: *Dia dhuit, a Niamh. Aon scéal agat?*

**Niamh**: Ar chuala tú cad a tharla dom ar scoil inniu?

**Aoife**: *Níor chuala muis, ach chonaic mé lasmuigh de oifig an phríomhoide thú. Inis dom, munar miste leat.*

**Ceist agus freagra**

**(a)** Cén áit sa scoil a bhfaca Aoife a cara, Niamh, an lá sin?

- **Lasmuigh de oifig an phríomhoide / oifig an phríomhoide** **2**

**An Dara Mír**

**An Téacs**

**Niamh**: *Táim go mór trí chéile mar ghoid duine éigin mo i-Phone nua.*

**Aoife**: *Ó, a thiarcais! Cad a tharla?*

**Niamh**: *Níl cead agam é a rá leat. Tá an scéal á fhiosrú ag na Gardaí.*

**Aoife**: *Ná bí buartha faoi, a thaisce.*

**Niamh**: *Ar d'fhocal, a Aoife, ná habair tada faoi seo le héinne eile.*

**Aoife**: *Tugaim mo fhocal duit. Ní osclóidh mé mo bhéal faoi.*

**Ceisteanna agus freagraí**

**(b)** Cén fáth go bhfuil Niamh trí chéile?

- **Ghoid duine éigin i-phone uatha / i-fón / fón nua uaithi.** **2**

**(c)** Cad é a iarrann Niamh ar Aoife?

- **Gan aon rud mar gheall air seo a rá le héinne**
- **Ná habair tada (faoi seo le héinne eile)**
- **Iarrann sí uirthi a focal a thabhairt nach ndéarfaidh sí faic le héinne faoi**
- **Gan labhairt faoi seo le haon duine eile.**

**2**

**6**

**2.** **COMHRÁ A DÓ**

**An Chéad Mhír**

**An Téacs**

**Brian**: *An é sin Seosamh? Brian anseo.*

**Seosamh**: *Is mé, a Bhriain. Shíl mé go raibh tusa ar do leaba leis an bhfliú.*

**Brian**: *Bhí mé, a Sheosaimh, ach tá biseach orm anois.*

**Seosamh**: *Chaill tú oíche mhór sa Chlub aréir.*

**Brian:** *Ar chaill mé? Céard a tharla.*

**Ceist agus freagra**

**(a)** Cad a shíl Seosamh a bhí mí-cheart le Brian:

- **Fliú / shíl sé go raibh sé sínte sa leaba / ar a leaba leis an bhfliú / tinn**. 2

**An Dara Mír**

**An Téacs**

**Seosamh**: *Bronnadh na boinn orainn a bhuamar anuraidh?*

**Brian**: *Cé a rinne an bronnadh?*

**Seosamh**: *Jim McGuinness, as Dún na nGall.*

**Brian**: *An raibh ceol ann freisin?*

**Seosamh**: *Bhí, a Bhriain. Bhí 'Rory and The Island' ann agus chan siad an t-amhrán, 'Jimmy's Winning Matches'.*

**Brian**: *Is mór an trua é, a Sheosaimh, nach raibh mé ann.*

**Ceisteanna agus freagraí**

**(b)** Cén fáth a raibh Jim Mc Guinness sa Chlub an oíche roimhe sin?

- **Chun boinn a bhronnadh ar na buaiteoirí / bronnadh.** 2

**(c)** Cén t-amhrán a chan an banna ceoil, *Rory and the Island*?

- '**Jimmy's Winning Matches'** 2

**<u>6</u>**

**12**

**ROINN II** **C.1(A) = 20** **LÉAMHTHUISCINT** **40 MARC**

**Scríobh freagraí ROINN II i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 1.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A (20 marc)**

Tá cúig cheist, (**i**) – (**v**) le freagairt.
Tá **dhá** fhocheist (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceisteanna (**i**), (**ii**), (**iii**) & (**iv**):
(**a**) 2 + (**b**) 2 = **4 mharc x 4 = 16 mharc**.
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (**v**): 2+2 = **4 mharc.**

## Lesula - Moncaithe le Súile Uaigneacha

1. Is moncaithe iad na Lesula. Is i bhforaoisí an Chongó ar mhór-roinn na hAfraice a chónaíonn siad. Obenge a thugtar ar an gceantar. Áit iargúlta is ea í agus níl mórán daoine ina gcónaí ann. Is é an baile mór is cóngaraí di ná Opala. Ba ansin in Opala sa bhliain 2007 a tháinig an bitheolaí, John Hart, ar an gcéad cheann de na Lesula a chonaic sé riamh go dtí sin. Bhí an moncaí mar pheata tí ag príomhoide scoile.

2. Cé go raibh cur amach ag muintir an cheantair ar na moncaithe, bhí Hart cinnte de gur speiceas nua moncaithe a bhí feicthe aige. I mí Mheán Fómhair 2012 foilsíodh an scéal sna meáin chumarsáide go raibh speiceas nua moncaithe aimsithe sa Chongó agus foilsíodh an chéad ghrianghraf de na moncaithe seo.

3. Is é an grianghraf seo an rud a bhaineann geit as daoine. Tá ceannaghaidh agus cuntanós an chréatúir ann thar a bheith daonna. Tá tuiscint agus trua le sonrú sna súile. Shílfeá go raibh na súile bog le deora agus go raibh an créatúr i ndiaidh a bheith ag caoineadh nó go dtosódh sé ag caoineadh nóiméad ar bith. Luadh go raibh an grianghraf cosúil leis an bportráid a phéinteáil Rembrandt dá mhac, Titus.

4. Maraítear na Lesula i gceantar Obenge ar mhaithe lena gcuid feola. Má leanann an nós seo ar aghaidh, ní fada go mbeidh an speiceas i mbaol. Tá an timpeallacht, na foraoisí tiubha, a gcónaíonn na moncaithe seo iontu slán go fóill ach dá dtosófaí ag leagan na gcrann nó ag mianadóireacht sa cheantar bheadh na moncaithe i mbaol freisin.

5. An amhlaidh go bhfuil na súile uaigneacha ar cheannaghaidh an mhoncaí sa ghrianghraf ag tabhairt teachtaireachta dúinn? ‘Lig dom le do ghnó, a dhuine chóir. Lig dom luascadh anonn is anall ó ghéag go géag i measc na gcrann. Cuimhnigh, a chara ghil, gur ar scáth a chéile a mhairimid.’

### Ceisteanna (iad ar cómharc)

**(i)** (a) Cén áit sa Chongó a bhfuil na Lesula ina gcónaí ann?

- **Sna foraoisí / in Obenge / in aice le Opala / áit iargúlta.** **2**

(b) Cá raibh an moncaí seo nuair a chonaic John Hart é in Opala?

- **Bhí sé mar pheata tí ag príomhoide scoile in Opala.** **2**

**<u>4</u>**

**(ii)** (a) Cén rud a raibh Hart cinnte de nuair a chonaic sé an moncaí in Opala?

- **(Bhí sé cinnte de) gur speiceas nua moncaithe a bhí feicthe aige**. **2**

(b) Cathain a foilsíodh an scéal i dtaobh na Lesula?

- **I mí Mheán Fómhair 2012.** **2**

**<u>4</u>**

**(iii)** (a) Tabhair dhá phíosa eolais faoi shúile an mhoncaí atá sa ghrianghraif ?

- **Tá tuiscint le sonrú sna súile.**
- **Tá trua le sonrú sna súile.**
- **Tá siad (na súile) daonna.**
- **Shílfeá go raibh na súile bog le deora.**
- **Go raibh an créatúr i ndiaidh a bheith ag caoineadh.**
- **Go dtosódh sé ag caoineadh nóiméad ar bith.**
- **Tá na súile móra / donn / ciorclach / bolgach.** **1 + 1**

**<u>2</u>**

(b) Cuireadh an grianghraf i gcomparáid le portráid. Cén phortráid?

- **An phortráid a phéinteáil Rembrandt dá mhac, Titus.** **2**

**<u>4</u>**

**(iv)** (a) Cén fáth a bhfuil na Lesula i mbaol anois?

- **Maraítear iad ar mhaithe lena gcuid feola.** **2**

(b) Luaigh slí **amháin** lena bhféadfaí timpeallacht na moncaithe a scrios?

- **Leagan na gcrann (sna foraoisí) / Mianadóireacht (sa cheantar).** **2**

**<u>4</u>**

**(v)** Tá teachtaireacht ag 'na súile uaigneacha' dúinn, dar leis an údar.
Luaigh **dhá** phíosa eolais, as **alt 5,** i dtaobh na teachtaireachta.

- **Lig dom le do ghnó, a dhuine chóir /**
- **Lig dom luascadh anonn is anall ó ghéag go géag i measc na gcrann /**
- **Cuimhnigh, a chara ghil, gur ar scáth a chéile a mhairimid.'** **2**

**<u>4</u>**

**Ceist 1 (A) = 20 marc**

**B (20 marc)**

**C.1 (B) = 20**

Tá **cúig** cheist, (**i**) – (**v**) le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceisteanna (**i**), (**ii**) & (**iii**):
(**a**) 2 + (**b**) 2 = **4 mharc x 3 = 12 mharc**.
Tá freagra ceart **amháin** ar cheist (**iv**) = **4 mharc**.
Tá freagra **ceart amháin** ar cheist (**v**) = **4 mharc**.
**4 mharc x 5 = 20 marc**

# Ócáid Shóisialta Ghaeilge

**1.** Tá méadú mór tagtha le tamall de bhlianta anuas ar líon na ndaoine a dhéanann cumarsáid lena chéile ar an idirlíon agus sna meáin dhigiteacha. Is cuid lárnach choitianta de shaol na cumarsáide sa lá atá inniu ann iad na hócáidí líonraithe shóisialta. Bhí an chéad *tweetup* as Gaeilge, an #Gtuít, ar siúl i mBaile Átha Cliath ar 27 Meán Fómhair, 2012. Bhailigh tuíteálaithe na Gaeilge le chéile an lá sin sa Culture Box i mBarra an Teampaill, Baile Átha Cliath.

**2.** Is é an leagan amach a bhíonn ar *tweetup* go mbuaileann tuíteálaithe lena chéile in ionad sóisialta éigin. Thug an ócáid seo i mBarra an Teampaill deis do Ghaeilgeoirí teacht le chéile, líonrú lena chéile agus aithne a chur ar na daoine a bhíonn ag tuíteáil as Gaeilge agus ag glacadh páirte i líonraí sóisialta Gaeilge. Meascán idir *tweetup* agus seisiún eolais a bhí ann ar an lá.

3. Bhí an ócáid seo oscailte do gach aon duine a bhíonn ag úsáid na láithreán líonraithe shóisialta. Bhí Micheál Ó Foighil, duine de bhunaitheoirí an láithreáin líonraithe shóisialta Ghaeilge *Abair Leat*, i láthair ag an ócáid agus rinne sé cur síos ar an bhfeachtas *Abair Leat*. Tá an feachtas seo tar éis dul i bhfeidhm ar an aos óg ar YouTube agus sna meáin shóisialta eile. Chomh maith leis sin, labhair Fiachra Ó Marcaigh, stiúrthóir an chomhlachta *Amas*, faoi na forbairtí nua atá i ndán do chúrsaí teicneolaíochta maidir le líonraí sóisialta sna blianta amach anseo.

**4.** Ba é *Gaelport.com* a d'eagraigh an ócáid. Dúirt Niamh Ní Shúilleabháin, eagarthóir na ríomhirise *Gaelport.com*, go raibh súil aici go gcuirfeadh an #Gtuít tús le plé agus le díospóireacht ar na forbairtí is úire atá ag teacht chun cinn ar an idirlíon agus sna meáin dhigiteacha. "Rachaidh na forbairtí seo chun tairbhe do chainteoirí Gaeilge agus d'fhoghlaimeoirí araon," a dúirt sí.

## Ceisteanna (iad ar cómharc)

**(i)** (a) Cén dáta a raibh an ócáid líonraithe shóisialta, #Gtuít, ar siúl?

- **Ar 27 Meán Fómhair, 2012** **2**

(b) Cén leagan amach a bhí ar an ócáid #Gtuít?

- **Meascán idir *tweetup* agus seisiún eolais a bhí ann ar an lá**
  - **Bhailigh tuítealaithe lena chéile sa Culture Box i mBarra an Teampaill, Baile Átha Cliath.** **2**

**<u>4</u>**

**(ii)** (a) Luaigh deis **amháin** a thug an ócáid seo do Ghaeilgeoirí?

- **Líonrú a dhéanamh lena chéile.**
- **Teacht le chéile.**
- **Aithne a chur ar na daoine a bhíonn ag tuíteáil as Gaeilge.**
- **Aithne a chur ar na daoine a bhíonn ag glacadh páirte i líonraí sóisialta trí mheán na Gaeilge.**

- **Chuir na haoichainteoirí an lucht éisteachta ar an eolas faoi líonraí sóisialta.**

**2**

(b) Ainmnigh duine de bhunaitheoirí *Abair Leat*?

- **Micheál Ó Foighil** 2

4

**(iii)** (a) Cén post atá ag Niamh Ní Shuilleabháin?

- **Eagarthóir (na ríomhirise *Gaelport.com*)** 2

(b) Luaigh rud **amháin** a dúirt Niamh faoi #Gtuít.

- **Dúirt sí go raibh súil aici go gcuirfeadh an #Gtuít tús le plé agus le díospóireacht faoi na forbairtí is úire atá ag teacht chun cinn ar an idirlíon agus sna meáin dhigiteacha.**
- **Dúirt sí go rachadh na forbairtí seo chun tairbhe do chainteoirí Gaeilge agus d'fhoghlaimeoirí araon.** 2

4

**(iv)** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?

**'Chuir na haoi-chainteoirí an lucht éisteachta ar an eolas faoi líonraí sóisialta.'**

Alt 1; Alt 2; **Alt 3**; Alt 4. **(Scríobh an freagra sa fhreagarleabhar.)** **4**

**(v)** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?

**'Is meán cumarsáideach coitianta é an líonra sóisialta faoi láthair.'**

**Alt 1**; Alt 2; Alt 3; Alt 4. **(Scríobh an freagra sa fhreagarleabhar.)** **4**

**Ceist 1 (B) = 20 marc**

**A + B = 40 marc**

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN III i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 2.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**C.2 (A) = 10**

**A (10 marc)**

**2 mharc x 5 = 10 marc**.

**DÉANTA IN ÉIRINN**

**A (10 marc)**

Léigh an nóta dialainne a scríobh Aonghus. Ansin athscríobh an nóta dialainne i do fhreagarleabhar agus cuir na briathra atá sa chló trom san **Aimsir Chaite**.

## DÉANTA IN ÉIRINN

**Caitheann** Manchán Magan neart ama ag dul ó áit go háit. Sa tsraith clár seo **téann** sé timpeall na tíre. **Foghlaimíonn** sé go **bhfuil** sé deacair go leor teacht ar earraí de dhéantús na hÉireann. Fiú nuair a **thiteann** a shúile ar leabhar le húdar Éireannach **baintear** siar as mar níos minice ná a chéile is taobh amuigh den tír a cuireadh an leabhar i gcló.

**Sampla: 1. Chaith** Manchán Magan neart ama ag dul ó áit go háit.

- Sa tsraith chlár seo **chuaigh** sé timpeall na tíre. **2**
- **D'fhoghlaim** sé go **raibh** sé deacair go leor teacht ar earraí de dhéantús na hÉireann. **2+2**
- Fiú nuair a **thit** a shúile ar leabhar le húdar Éireannach. **2**
- **Baineadh** siar as mar níos minice ná a chéile is taobh amuigh den tír a cuireadh an leabhar i gcló. **2**

**<u>Ceist 2 (A) = 10</u>**

**C.2(B) = 10**

**B (10 marc)**

**2 mharc x 5 = 10 marc.**

Sna habairtí **2, 3** agus **5**, líon na bearnaí leis an bhfocal/na focail is oiriúnaí.
Scríobh an leagan cruinn den fhigiúr atá idir lúibíní in abairt **4** thíos.
Aimsigh aidiacht **amháin** in abairt **6** thíos agus scríobh i do fhreagarleabhar í.

. **An Meascán Ceart**

**1**. Bíonn blas ……………….. an mbeagán má bhíonn an meascán i gceart.

**2**. Níl aon dabht faoi ná go bhfuil sé seo fíor maidir ................... an ngrúpa ceoil *Little Mix*.

**3**. Bhuaigh *Little Mix* an comórtas……………….. *The X Factor* sa bhliain 2011.

(**a**) amhránaíochta (**b**) amhránaíocht (**c**) amhránaí (**d**) amhránacha

**4**. Tá (**4**) cailíní sa ghrúpa.

**5**. D'eisigh *Little Mix* a gcéad albam ………………… rith mhí na Samhna seo caite.

(**a**) in (**b**) i **(c)** ins (**d**) sna

**6**. Is amhránaí cumasach í gach cailín atá sa ghrúpa.

**Sampla: 1.** Bíonn blás **ar** an mbeagán má bhíonn an meascán i gceart.

- Níl aon dabht faoi ná go bhfuil sé seo fíor maidir **leis** an ngrúpa ceoil *Little Mix***.** **2**
- Bhuaigh *Little Mix* an comórtas **amhránaíochta** The X Factor sa bhliain 2011. **2**
  - Tá **ceathrar** cailíní sa ghrúpa. **2**
  - D'eisigh Little Mix a gcéad albam **i** rith mí na Samhna seo caite. **2**
  - **Cumasach / Gach** ….Is aidiacht í **cumasach** agus **gach.** **2**

**Ceist 2 (B) = 10**

**Ceist 2 A + B = 20**

C.3 = 50

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN IV i do fhreagarleabhar.**

Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.

**Stíl:** 2 mharc**, Ábhar**: 8 marc. **Gaeilge**: 40 marc. **Iomlán: 2 + 8 + 40 = 50 marc**.

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B** agus **C**.

**S(2) =**
**Á(8) =**
**G(40) =**

**Ceist 3.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C** anseo thíos.
**(Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh.)**

**A. AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE**

Scríobh ar do rogha **ceann amháin** díobh seo:

**(i)** An tábhacht a bhaineann le cairde i saol an duine.
**(ii)** Mar a chaith mé mo bhreithlá deireanach.
**(iii)** Iarscoláire cáiliúil a thug cuairt ar mo scoil féin le déanaí.
**(iv)** Cúrsaí faisin i saol na ndaoine óga inniu.
**(v)** Comórtas a bhuaigh foireann mo scoile le déanaí.

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

**(i)** Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:

‘Fuair mé téacs ag am lóin. Níor aithin mé an uimhir ach is duine fiosrach mé.’

**(ii)** Eachtra a tharla dom nuair a bhí post páirtaimseartha agam i siopa.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:

**(i)** ‘Tá ceol agus ceoltóirí an lae inniu thar barr ar fad.’

**(ii)** ‘Tá saol na cathrach níos fearr ná saol na tuaithe.’

**ROINN I** **PRÓS LITEARTHA** **30 MARC**

**C.1 = 15**

# Ag Sciáil san Eilvéis

**Cúlra an Scéil**: Téann Fiona go dtí an Eilvéis chun a cara pinn, Sabine, a fheiceáil ann. Pósfaidh Sabine Roberto go luath. Is Iodálach é Roberto. Níl Fiona ná Johann, deartháir le Sabine, cinnte faoin obair a dhéanann Roberto. Lá amháin téann Sabine, Roberto agus Fiona ag sciáil. Ní théann Sabine amach ar na fánaí sciála mar tá a cos gortaithe. Insíonn Fiona an scéal anois:

**1.** Tá an sciáil ar dóigh ar fad. Tá sé doiligh go leor dul i dtaithí uirthi ach is mór an chabhair é Roberto. Tá sé an-chneasta liom. Tá mé ag súil le dul ag sciáil arís go luath. Tá timpeallacht na hEilvéise dochreidte ar fad, na sléibhte mórthimpeall orainn, iad ard bán draíochtúil agus ag glioscarnach faoin ngrian. Ní fhaca mé radharc níos áille riamh. Agus níor bhuail mé riamh le daoine a bhí níos múinte ná níos sibhialta ná muintir na hEilvéise. Sílim go bhfuil an-mheas acu ar an timpeallacht agus ar na daoine atá thart orthu. É sin ráite, tá muintir na hÉireann i bhfad níos oscailte agus níos cairdiúla, go poiblí ar scor ar bith!

**2.** Tá mé chomh tógtha sin leis an sciáil agus leis an ócáid ar fad go bhfuil dearmad glan déanta agam ar Sabine agus í ag fanacht linn go foighneach. Déanaim iarracht roinnt eolais a fháil ó Roberto, ach is léir gur duine príobháideach agus rúnda atá ann, ar chúis amháin nó ar chúis eile. “An bhfuil tú gnóthach ag obair na laethanta seo?” a fhiafraím de. “Chuala mé go raibh post agat sa bhanc?” “Gnóthach go leor, a stór,” agus beireann sé ar mo lámh chun mé a threorú. “Cad fút féin?” Agus chomh héasca leis sin, éiríonn leis an aird a bhaint de féin. “Cá bhfuil an banc lena n-oibríonn tú suite?” arsa mise. “An bhfuil sé gar do do theach?” Baineann an cheist siar as ach leanann sé ar aghaidh ag caint. “Tá sé giota maith ón teach ach ní fadhb é sin mar tá carr agam. Ach cad chuige na ceisteanna seo uilig fúmsa, a Fhiona?” a fhiafraíonn sé díom. “Á, tada. Tá a fhios agam go mbíonn an-chuid de mhuintir na tíre seo ag obair sna bainc,” a deirim leis.



**3.** “Tá an ceart agat, a Fhiona. Éist, ar mhaith leat sos a ghlacadh?” a fhiafraíonn Roberto díom. “Fadhb ar bith!” a deirim leis. “Tá ocras orm anois. Go raibh maith agat as an gcabhair go léir, a Roberto.” “Na habair é, ná habair é. Tá tú ar fheabhas ag an sciáil, a Fhiona. Chuaigh tú i dtaithí uirthi go han-tapa,” ar sé go cneasta liom. Tá áthas ar Sabine an bheirt againn a fheiceáil arís agus tá moladh aici dom. “Bhí mé ag amharc ort, a Fhiona,” a deir Sabine liom. “Tá ag éirí thar barr leat, a chailín. Ba bhreá liom a bheith á dhéanamh in éindí libh ach, beidh deis agam sin a dhéanamh a luaithe is a thagann biseach ar mo chos.” Táimid ar tí lón a ordú nuair a thosaíonn fón Roberto ag glaoch.

**4.** “Heileo?” Stadann sé den siúl. “Abair sin arís!” ar sé agus a ghlór lán iontais agus alltachta. “Anois? I ndáiríre?” Líonann a shúile le fearg. “Beidh mé ann faoi cheann leathuair an chloig. Slán go fóill.”. Casann sé thart arís. “Caithfidh mé dul abhaile anois díreach. Tá fadhb ann,” ar sé. Gheobhaidh mé tacsaí daoibh. Cuirfidh mé scairt oraibh ar ball,” ar seisean agus imíonn sé leis. Casaim ar Sabine. “Meas tú cad atá tarlaithe? Meas tú cén cineál daoine atá ag plé le Roberto?” a fhiafraím di. Ansin insím di na tuairimí atá ag a deartháir, Johann, faoi Roberto agus insím di faoi rúndacht Roberto maidir lena phost. Éisteann sí le gach aon fhocal a deirim. “A Fhiona,” arsa Sabine liom go sollúnta, “tá rud éigin le hinsint agam duit.” Is ansin a chloisimid Roberto ag scairteadh orainn go bhfuil an tacsaí ag fanacht linn.

(*Athchóiríodh an buntéacs lena chur in oiriúint do chuspóirí na measúnachta gan é a chur i gcead an údair roimh ré*.)

**Ceisteanna agus Freagraí**

Tá **trí** cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc (2 + 2) x 3 **= 12 mharc.**

**Buntuiscint**: (**i**) = 2 + 2 = **4 mharc;** (**ii**) = 2 + 2= **4 mharc;** (**iii**) = 2 + 2 = **4 mharc**

**Léirthuiscint**: (i) **An peannphictiúr =** marc as **4 mharc [4/3/2/1]**
(**ii**) **Dhá** phointe eolais 2 + 2 = **4 mharc**
(**iii**) **An rud éigin atá le hinsint ag Sabine = dhá** phointe eolais = 2 + 2 = 4 mharc

- **Gaeilge**: + **3 mharc** ( + 1 / + 2 / + 3 )

**Iomlán = (4 x 3)** + **3 = 15 mharc**

**A ( Buntuiscint )**

**(i)** Luaigh **dhá** chúis a dtaitníonn an Eilbhéis le Fiona.
Bíodh cúis **amháin** faoin timpeallacht agus cúis **eile** faoi na daoine i do fhreagra. (**Alt 1**)

**An Timpeallacht:**

- **Tá timpeallacht na hEilbhéise dochreidte ar fad.**
- **Na sléibhte mórthimpeall ort.**
- **Na sléibhte inti ard / bán / draíochtúil.**
- **Na sléibhte inti ag glioscarnach faoin ghrian.**
- **Níl radharc níos áille feicthe aici riamh cheana.**
- **Síleann sí go bhfuil an-mheas acu ar an timpeallacht.** **2**

**Na Daoine:**

- **Níor bhuail sí riamh le daoine a bhí níos múinte ná muintir na hEilbhéise.**
- **Níor bhuail sí riamh le daoine a bhí níos sibhialta ná muintir na hEilbhéise.**
- **Síleann sí go bhfuil an-mheas acu ar an timpeallacht.**
- **Síleann sí go bhfuil an-mheas acu ar na daoine atá thart orthu.**
- **Tá a cara pinn Sabina ann.** **2**

**<u>4</u>**

**(ii)** Thug Roberto agus Sabine moladh d'Fhiona as a cuid sciála.
Luaigh moladh **amháin** a thug Roberto di agus moladh **eile** a thug Sabine di.(**Alt 3**)

**Roberto:**

- **Dúirt Roberto léi go raibh sí ar fheabhas ag an sciáil.**
- **Dúirt Roberto léi go ndeachaigh sí i dtaithí ar an sciáil go han-tapaidh.** **2**

**Sabine:**

- **Dúirt Sabine léi go raibh ag éirí thar barr léi ag an sciáil.** **2**

**<u>4</u>**

**(iii)** Cén **dá** phíosa eolais a d'inis Fiona do Sabine? (**Alt 4**)

- **Insíonn sí di na tuairimí atá ag a deartháir, Johann, faoi Roberto.** **2**
- **Insíonn sí di faoi rúndacht Roberto maidir lena phost.** **2**

**4**

**B ( Léirthuiscint Ghinearálta )**

**(i)** Breac síos peannphictiúr gairid de Sabine bunaithe ar an eolas atá sa sliocht. Tosaigh mar seo: 'Is mise Sabine……….' (Is leor **cúig** abairt.)

- **Is mise Sabine agus tá mé i mo chónaí san Eilbhéis.**
- **Tá mé ag siúl amach le Roberto.**
- **Pósfaimid go luath.**
- **Tá post speisialta ag Roberto ach níl cead agam labhairt faoi le héinne.**
- **Tháinig mo chara pinn Fiona anseo cúpla lá ó shin.**
- **Is cairde dílse sinn agus ní bhíonn aon rún eadrainn.**
- **Tá deartháir agam. Johann is ainm dó.**
- **Ní dóigh liom gur maith leis Roberto ar chúis éigin.**
- **Tá mé go maith ag moladh daoine.**
- **Tá mé i mo shuí sa charr faoi láthair in aice leis na fánaí sciála.**
- **Is duine foighneach mé.**
- **Éisteoir maith mé.**
- **Ba bhreá liom a bheith amuigh leo ach ní féidir liom mar bhris mé mo chos.** **[4/3/2/1]**

**(ii)** 'Is léir gur duine príobháideach agus rúnda atá ann,' a deir Fiona faoi Roberto. Luaigh **dhá** phointe eolais ón sliocht a léiríonn an tréith / na tréithe seo.

- **Nuair d'fhiafraigh Fiona de an raibh sé gnóthach mar gur chuala sí go raibh sé ag obair sa bhanc níor fhreagair sé an dara cuid den cheist.**
- **D'iompaigh sé an cheist ar Fhiona féin nuair a dúirt sé: 'Cad fút féin?'**
- **Nuair a d'fhiafraigh Fiona de cá raibh an banc suite bhain an cheist siar as agus d'fhiafraigh sé di cad chuige na ceisteanna seo.**
- **Ba léir nach raibh fonn air labhairt faoi na rudaí seo agus d'athraigh sé an t-ábhar cainte. D'fhiafraigh sé de Fhiona ar mhaith léi sos a ghlacadh.**
- **Nuair a d'fhreagair Roberto a fhón ba léir nach raibh sé róshásta agus thug sé freagra giorraisc ar an duine ach gan mórán eolais a sceitheadh faoin ábhar cainte.**
- **D'imigh sé abhaile ansin mar go raibh fadhb aige ach níor mhínigh sé cén fhadhb a bhí ann**.

**[2 + 2 = 4]**

**(iii)** "A Fhiona," arsa Sabine liom go sollúnta, "tá rud éigin le hinsint agam duit..." Meas tú cén 'rud éigin' a bhí le hinsint ag Sabine do Fhiona. Is leor dhá phointe eolais.

**Freagra Samplach**

- **D'inis sí di faoi shaol rúnda Roberto.**
- **Bleachtaire príobháideach is ea Roberto.**
- **Faoi láthair tá sé ar thóir gadaithe a robáil a lán airgid ó bhanc.**

- **Is buíon dainséarach iad na gadaithe agus bíonn a shaol i mbaol go minic.**
- **Mar sin ní insíonn sé do dhaoine eile cad é an post ata aige.**
- **Is gadaí é Roberto agus tá baint aige leis an Mafia.**
- **Ceapann Sabine gur bhleachtaire é mar d'inis Roberto an bhréag sin di.**
- **Is baincéir an-saibhir é athair Shabine.**
- **Tá scéim mhór á pleanáil ag Roberto agus a chairde chun airgead a ghoid uaidh.**
- **Fuadóidh siad Sabine mar ghiall agus lorgóidh siad fuascailt dí óna hathair.**
- **B'fhéidir go raibh cailín eile ag Roberto.**

**[2 + 2 = 4]**

**C.2 = 15**

**Ceist 2.** Freagair **A** *nó* **B** anseo. Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh. **(15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an tsaothair** = 1 mharc
**Ainm an údair** = 1 mharc
2 mharc

**A (ii)** *agus* **B (ii)** **Ábhar**: 5 mharc;
**Gaeilge**: 8 marc
15 mharc

**A *nó* B = 1+1+5+8 = 15 mharc**

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *ábhair* i gceist ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1.**

*Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.*

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin *ábhair*.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin *ábhar* úd agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de na *saghsanna daoine* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil *an saghas sin duine* i gceist ann.

*Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.*

(a) Duine gránna (b) Duine cabhrach (c) Duine cliste

(d) Duine amaideach (e) Duine grámhar (f) Bulaí

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *saghas duine* atá roghnaithe agat.

**Nóta**: I gcás **A** *nó* **B** thuas, tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

| ROINN II | C.3 = 15 | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|---|

**Ceist 3**. Léigh an dá dhán athchóirithe thíos as: AINCHEIST as *Fómhar na nGéanna* le Conleth Ellis agus CAD É as *Walking Time agus Dánta Eile* le Liam Ó Muirthile. **(15 mharc)**
Freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo.
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh**.**
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat*.

**AINCHEIST**

A dhamháin alla san fholcadán,
Tugann tú rogha dom:
Is féidir liom tú a bhá,
nó tú a shábháil ón tonn.

Cé mhéad uair a theip ort
An balla sleamhain a shárú?
Cén mhaitheas duit dígeantacht?
Ní éalóidh tú gan cabhair uaim.

B'fhearr dom socrú ar ghníomh
Sara dtosnaím ar sheanmóin.
Gan tú ag cur lena chonstaicí,
Tá an saol casta go leor.

Sleamhnóidh mé bileog fút
Is tabharfaidh mé an doras duit.
Ní féidir mé a lochtú
Má bhristear do cheann ansin.

(le **Conleth Ellis)**

**Gluais (**Aincheist**)**

**Teideal:** aincheist: fadhb; deacracht
**L.6**: a shárú: a dhreapadh gan teip
**L.7:** dígeantacht: ceanndánacht; misneach
**L.8**: ní éalóidh tú: ní imeoidh tú slán
**L.9**: gníomh: plean oibre
**L.10**: ar sheanmóin: ag seanmóireacht
**L.11:** constaic: rud atá sa bhealach ort

**CAD É**

Táim ó sheomra go seomra
ar fud an tí
ag lorg rud éigin,
is nach mbeidh a fhios agam
cad é nó
go bhfaighidh mé é.

Ní hé an stán aráin é
an plúr garbh donn
ná an plúr mín bán,
cé go dtógaim amach iad
is go gcuirim sa mheá iad
is go ndeinim builín amháin.

Ní haon eochair a bhí uaim í
ní rabhas ag dul amach
níor fhágas aon ní ar siúl,
cé go bhfuilim ó sheomra go seomra
ar fud an tí
ag lorg rud éigin
is ní faic é
is go bhfuilim ag déanamh brón ciúin.

(Cuid den dán *Cad é* le **Liam Ó Muirthile**)

**Gluais (**Cad é**)**

**L.11:** meá**:** scálaí meáchain agus tomhais
**L.12:** builín**:** cáca aráin
**L.17:** faic**:** tada; dada; rud ar bith

(*Athchóiríodh na buntéacsanna lena gcur in oiriúint do chuspóirí na measúnachta gan iad a chur i gcead na n-údar roimh ré*.)

## Ceisteanna agus Freagraí

Tá **trí** cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: **4 mharc** (4 x 3) = **12 mharc.**
- **Gaeilge**: **3 mharc** ( + 1 / + 2 / + 3 )

**Buntuiscint**: (**i**) **dhá** rogha = 2+2 = **4 mharc**
(**ii**) **aon** fháth = **4 mharc**
(**iii**) **dhá phointe** = 2 + 2 **= 4mharc**

**Léirthuiscint**: (**i**) Saghas duine agus **dhá** phointe eolais = 2 + 1 + 1 = **4 mharc**

(**ii**) Saghas duine agus **dhá** phointe eolais = 2 + 1 + 1 = **4 mharc**
(**iii**) **dhá** fháth = 2 + 2 = **4 mharc**

**Iomlán = (4 x 3) + 3 = 15 mharc**

**A ( Buntuiscint )**

**(i)** Cén **dá** rogha atá ag an bhfile maidir leis an damhán alla sa dán *Aincheist*?

- **(Is féidir leis) é/an damhán alla a bhá** **2**
- **(Is féidir leis) é /an damhán alla a shábháil (ón tonn)** **2**

**4**

**(ii)** Cén fáth a bhfuil an file ag dul ó sheomra go seomra sa dán *Cad é.*

- **Tá an file ag dul ó sheomra go seomra sa teach ag lorg / cuardach rud éigin.**
- **Na chéad trí líne** **4**

**4**

**(iii)** Conas a shábhálfaidh an file an damhán alla sa dán *Aincheist*.

- **Cuirfidh sé 'bileog' nó giota páipéir faoin damhán alla sa bhfolcadán / sa chithfholcadán. Tógfaidh sé suas é ansin agus cuirfidh sé taobh amuigh den doras é.**

- **Ionramháil ar na línte:** Sleamhnóidh **sé** bileog **faoi** / faoin **damhán alla**
Is tabharfaidh **sé** an doras **dó**. **4**

**4**

**B ( Léirthuiscint Ghinearálta )**

**(i)** Cén saghas duine é an file sa dán *Aincheist*? Is leor **dhá** phointe eolais a lua.

- **Is duine cineálta é an file sa dán *Aincheist.***
- **Nuair a fheiceann sé an damhán alla sa bhfolcadán/chithfholcadán bíonn dhá rogha aige. Is féidir leis ligean don 'tonn' uisce an damhán alla a bhá nó is féidir leis an damhán alla a shábháil. Socraíonn sé ar an damhán alla a shábháil.**
- **Tá féith an ghrinn sa bhfile agus feicimid an thréith sin sna línte:**
**Sleamhnóidh mé bileog fút**
**Is tabharfaidh mé an doras duit.**
**Ní féidir mé a lochtú**
**Má bhristear do cheann ansin.**

- **Tá an file seo i dtiúin leis an nádúr. Socraíonn sé gan an damhán alla a mharú. Is créatúir é an damhán alla a scanraíonn go leor daoine ach ní léir go bhfuil aon scanradh ar an bhfile roimhe.**
- **Is duine ciallmhar é an file. Tuigeann sé gur fearr dó rud éigin a dhéanamh go tapaí seachas a bheith ag seanmóireacht faoi.**
- **Is duine macánta é an file. Cé go mba mhaith leis an damhán alla a shábháil níl sé chomh tógtha sin leis go ligfidh sé dó fanacht sa teach.** **2 + 1 + 1 = 4**

**(ii)** Cén saghas duine é an file sa dán *Cad é*? Is leor **dhá** phointe eolais a lua.

- **Is duine imníoch nó buartha é an file sa dán *Cad é* a bhfuil fadhb éigin ag cur as dó.**
- **Tá sé ag dul ó sheomra go seomra ina theach ag cuardach rud éigin ach níl a fhios aige cad é 'go bhfaighidh' sé é.**
- **Is comhartha sóirt de thinneas é seo agus tuigeann an file é sin nuair a deir sé linn nach 'faic' é an rud ata á lorg aige agus go bhfuil sé 'ag déanamh bróin chiúin'.**
- **Is duine tíriúil é an file. Mothaímid é sin sna tagairtí don bhácáil agus don eochair.**
- **Is duine dearmadach é an file. Tá rud éigin á lorg aige ach tá dearmad déanta aige air.**

**2 + 1 + 1 = 4**

(**iii**) Cé acu den dá dhán is fearr a thaitin leat? Luaigh d**há** fháth gur thaitin an dán leat?

- **Is fearr liom an dán *Cad é.* Déanann an file cur síos ar eispéireas a tharlaíonn do gach duine uair éigin.**
- **Cailleann tú rud éigin. Tosaíonn tú á chuardach agus ansin go tobann ní chuimhin leat cad é atá á chuardach agat.**
- **Is maith liom an íoróin atá taobh thiar den smaoineamh sin – ag déanamh dearmaid de rud atá dearmadta agat.**
- **Tá na híomhánna atá sa dán tíriúil - duine ag dul ó sheomra go seomra ag cuardach rud éigin, na tagairtí don 'stán aráin', don phlúr, don bhuilín agus don eochair chaillte.**
- **Ta críoch an dáin an – éifeachtach….**

  **is ní faic é**<br>
  **is go bhfuilim ag déanamh bróin chiúin.'**
- **Mothaím trua do bhfile agus ba mhaith liom a fháil amach cad é ata ag cur as dó.**

**Nó**

- **Is fearr liom an dán *Aincheist.* Is iomaí uair a fheicim damháin alla sa seomra folctha. Ní maith liom iad. Scanraíonn siad mé. De ghnáth ligim scread asam nuair a fheicim damhán alla.**
- **Is maith liom misneach agus cineáltas an fhile sa dán seo. Tugann sé an doras don domhan alla ach déanann sé é le cineáltas agus tuiscint.**
- **Tá an cur síos a dhéanann an file ar dheacrachtaí an damháin alla an-soiléir. Teipeann ar an damhán alla an balla sleamhain a dhreapadh. Má théann sé leis an uisce síos an píobán báfar é. Ta sé i mbaol ach is ionann an file agus laoch. Tagann sé i gcabhair ar an damhán alla agus sábhálann sé é.**

**2 + 2 = 4**

**Ceist 4.** **C.4 = 15**

Freagair **A** *nó* **B** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.) **(15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an dáin** = 1 mharc
**Ainm an fhile** = 1 mharc **2 mharc**

**A (ii)** *agus* **B (ii)**

- **Ábhar**: 5 mharc
- **Gaeilge**: 8 marc

**A** *nó* **B** : **1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc.**

## A

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *ábhair* i gceist ann is atá i do rogha ceann **amháin** den dá dhán i g**Ceist 3** thuas.

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.*

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin *ábhair* sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin *ábhar* úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 3** agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa dán atá ainmnithe agat.

## B

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha ceann **amháin** de *na téamaí* seo thíos i gceist ann.

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.*

(a) Éad / Formad (b) Áilleacht an Dúlra (c) Bulaíocht / Maistíneacht

(d) Grá (e) Saol na scoile (f) An tSeanaois

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *téama* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file *an téama* sin os ár gcomhair.

| ROINN III | LITIR | 30 MARC |
|---|---|---|

**C.5 = 30**

**Ceist 5**. Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo thíos. (Ná gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.)

Tá **A, B** agus **C** ar cómharc

- **Foirmlí**: 3 mharc
- **Ábhar**: 10 marc
- **Gaeilge**: 17 marc

**3 + 10 + 17 = 30 marc.**

## A

Chonaic tú físeán gairid ar YouTube le déanaí. Scríobh litir chuig do chara pinn faoi.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais i dtaobh scéal an fhíseáin *nó* i dtaobh chúlra an fhíseáin a chonaic tú
- **dhá** chúis ar thaitin *nó* nár thaitin an físeán leat
- pointe eolais **amháin** faoi YouTube mar mheán cumarsáide.

## B

Is ball tú de bhanna ceoil. Bhí an chéad *ghig* ag an mbanna le déanaí.
Scríobh litir chuig do chara faoin ócáid.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais faoi ainm an bhanna
- **dhá** phointe eolais faoin gcéad *ghig* a bhí agaibh
- pointe eolais **amháin** faoi na pleananna atá agaibh.

## C

Chonaic tú cluiche mór spóirt le déanaí. Ní raibh tú sásta leis an réiteoir.
Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin áitiúil faoin scéal.

I do litir luaigh

- cá raibh an cluiche ar siúl agus cé a bhí ag imirt
- **dhá** chúis a raibh tú míshásta leis an réiteoir
- moladh **amháin** atá agat a chabhródh le réiteoirí.